Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 7 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**8643/26**

**LIMITE**

**CORLX 388**
**CFSP/PESC 584**
**CYBER 192**
**JAI 505**
**FIN 592**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/797 maidir le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit |

**CINNEADH (CBES) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/797 maidir le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Bealtaine 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/797[1].

(2) Mar chuid den ghníomhaíocht leanúnach, oiriúnaithe agus chomhordaithe ón Aontas i gcoinne gníomhaithe a bhíonn i mbun cibearbhagairtí ar bhonn leanúnach, ba cheart beirt daoine nádúrtha agus trí eintiteas a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/797. Tá na daoine agus na heintitis sin freagrach as cibirionsaithe a rinne mórdhíobháil agus ar bagairt sheachtrach iad ar an Aontas nó ar a Bhallstáit nó tá siad páirteach iontu.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2019/797 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit (IO L 129I, 17.5.2019, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/797/oj).



PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/797 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

PUBLIC

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/797 mar a leanas:

(1) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach faoin gceannteideal'A. Daoine nádúrtha':

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '20. | Vitaly Nikolayevich KOVALEV | Виталий Николаевич КОВАЛЕВ<br>Ar a dtugtar freisin:<br>'Bentley', 'Bergen', 'Alex Konor', 'Benny', 'Ben', 'Stern'<br>Dáta breithe: 23.6.1988<br>Seoladh: Serebristy Bulvar 34 (Serebristyy Bul'var); krp 1; flt 528; 197341; St Petersburg, Cónaidhm na Rúise<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Eintitis chomhlachaithe: Trickbot, Wizard Spider, Conti | Is duine sinsearach é Vitaly Kovalev i gcláir bogearraí mailíseacha 'Trickbot' agus 'Conti'. Tugtar 'Bentley', 'Bergen', 'Alex Konor', 'Benny', 'Ben' agus 'Stern' air freisin.<br>Ba é Wizard Spider a chruthaigh agus a d'fhorbair Conti agus Trickbot ar dtús. Rinne Wizard Spider feachtais bogearraí éirice in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear seirbhísí bunriachtanacha amhail sláinte agus baincéireacht, tá ríomhairí ionfhabhtaithe acu ar fud an domhain agus forbraíodh a mbogearraí mailíseacha ina sraith bogearraí mailíseacha an-mhodúlach. Feachtais de chuid Wizard Spider ina n-úsáidtear bogearraí mailíseacha ar nós Conti agus TrickBot is cúis le damáiste suntasach eacnamaíoch san Aontas Eorpach.<br>Dá bhrí sin, tá Vitaly Kovalev freagrach as cibirionsaithe a rinne mórdhíobháil agus ar bagairt sheachtrach iad ar an Aontas nó ar a Bhallstái, nó tá sé páirteach iontu. | [+] |

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 21. | Alexander Alexandrovich VOLOSOVIK | Александр Александрович ВОЛОСОВИК<br>Dáta breithe: 30.1.1983<br>Áit bhreithe: Aontas na bPoblachtaí Sóivéadacha Sóisialacha<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Pasuimhir: 762988138<br>Inscne: fireann<br>Eintitis chomhlachaithe: Yalishanda, LARVA-34, podzemniyl, Ohyeahhellno, Stas_vl, downlow | Is é Alexander Volosovik úinéir Media Land LLC. Ó 2016 i leith, tá an tseirbhís óstála philéardhíonach Media Land LLC ag éascú réimse leathan ionsaithe bogearraí mailíseacha i gcoinne an Aontais agus ar fud an domhain araon, trí sheirbhísí óstála a thairiscint lena ndéantar céannacht úsáideoirí a cheilt agus lena gcuirtear in aghaidh aon bhaint anuas a dhéanann lucht forfheidhmithe an dlí. Chumasaigh Media Land LLC oibríochtaí mórscála bogearraí éirice, seirbhísí ceannais agus rialaithe, agus oibríochtaí fioscaireachta a dhíríonn ar bhonneagar criticiúil agus ar sheirbhísí bunriachtanacha i mBallstáit an Aontais, rud a d'fhág go raibh caillteanais shuntasacha airgeadais ann. Áirítear ar na hoibríochtaí a éascaíonn Media Land LLC, *inter alia*, LockBit, EvilCorp agus BlackBasta.<br>Dá bhrí sin, tá Media Land LLC páirteach i gcibirionsaithe a bhfuil éifeacht shuntasach acu agus ar bagairt sheachtrach iad ar an Aontas nó ar a Bhallstáit. Mar úinéir Media Land LLC, tá Alexander Volosovik freagrach as na cibirionsaithe sin agus tá sé rannpháirteach iontu. Tá baint aige freisin le Media Land LLC. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.



PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 22. | Denis Olegovich DEGTYARENKO | Денис Олегович ДЕГТЯРЕНКО<br>Ar a dtugtar freisin: 'Dena'<br>Dáta breithe: 9.10.1989<br>Áit bhreithe: Aontas na bPoblachtaí Sóivéadacha Sóisialacha<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Seoladh: 130 Lenina Avenue, Novy Gorod microdistrict, Orsk, Orenburg Region, Cónaidhm na Rúise | Is haiceálaí Rúiseach le haghaidh CARR (Cyber Army of Russia Reborn) é Denis Degtyarenko, ar a dtugtar freisin a Dena.<br>Tá CARR freagrach as cibirionsaithe ar sheirbhísí is gá chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha riachtanacha agus feidhmeanna criticiúla stáit a choinneáil ar bun i mBallstáit an Aontais, agus i gcoinne an bhonneagair san Úcráin agus i dtríú tíortha eile. Faigheann CARR tacaíocht ón bPríomh-Lárionad le haghaidh Teicneolaíochtaí Speisialta (GTsST) Phríomh-Ard-Stiúrthóireacht Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise (GU/GRU).<br>Tá GTsST fós gníomhach agus cibirionsaithe á ndéanamh aige i gcoinne an Aontais nó a Bhallstát. I measc na spriocanna ar a dhíríonn CARR tá gníomhaireachtaí rialtais, institiúidí airgeadais, eagraíochtaí meán, agus bonneagar criticiúil sna Ballstáit agus sna Stáit Aontaithe. Rinne CARR ionsaithe diúltaithe seirbhíse dáilte san Úcráin agus i gcoinne rialtais agus cuideachtaí atá lonnaithe i dtíortha a thacaigh leis an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá Denis Degtyarenko, príomh haiceálaí do CARR, páirteach i gcibirionsaithe a dhéanann mórdhíobháil, lena n-áirítear iarrachtaí ar chibirionsaithe a d'fhéadfadh éifeacht shuntasach a bheith acu, ar bagairt sheachtrach iad ar na Ballstáit, agus ar thríú stáit chomh maith. Mar chomhalta de CARR, tá baint aige freisin le GTsST. | + |

PUBLIC

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 23. | Yuliya Vladimirovna PANKRATOVA | Юлия Владимировна ПАНКРАТОВА<br>Ar a dtugtar freisin: 'YUliYA'<br>Dáta breithe: 6.4.1984<br>Áit bhreithe: Aontas na bPoblachtaí Sóivéadacha Sóisialacha<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: baineann<br>Seoladh: 130 Lenina Avenue, Novy Gorod microdistrict, Orsk, Orenburg Region, Cónaidhm na Rúise | Is haiceálaí Rúiseach í Yuliya Pankratova atá ag obair do CARR (Cyber Army of Russia Reborn) agus a bhunaigh Z-pentest ansin, agus leanann sí de bheith ag obair dó.<br>Tá CARR freagrach as cibirionsaithe ar sheirbhísí is gá chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha bunriachtanacha agus feidhmeanna criticiúla stáit a choinneáil ar bun sna Ballstáit, agus i gcoinne an bhonneagair san Úcráin agus i dtríú tíortha eile. Faigheann CARR tacaíocht ón bPríomh-Lárionad le haghaidh Teicneolaíochtaí Speisialta (GTsST) Phríomh-Ard-Stiúrthóireacht Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise (GU/GRU). Tá GTsST fós gníomhach agus cibirionsaithe á ndéanamh aige i gcoinne an Aontais nó a Bhallstát. I measc na spriocanna ar a dhíríonn CARR tá gníomhaireachtaí rialtais, institiúidí airgeadais, eagraíochtaí meán, agus bonneagar criticiúil i mBallstáit agus sna Stáit Aontaithe. Rinne CARR ionsaithe diúltaithe seirbhíse dáilte san Úcráin agus i gcoinne rialtais agus cuideachtaí atá lonnaithe i dtíortha a thacaigh leis an Úcráin. | + |

PUBLIC

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Tá Z-Pentest freagrach as cibirionsaithe a dhéanann mórdhíobháil *inter alia* do sheirbhísí atá riachtanach chun gníomhaíochtaí bunriachtanacha a choinneáil ar bun sna Ballstáit.<br><br>Dá bhrí sin, tá Yuliya Pankratova, príomh-haiceálaí do CARR, páirteach i gcibirionsaithe a dhéanann mórdhíobháil, lena n-áirítear iarrachtaí ar chibirionsaithe a d'fhéadfadh éifeacht shuntasach a bheith acu, ar bagairt sheachtrach iad ar na Ballstáit, agus ar thríú stáit chomh maith. Tá baint aici freisin le Z-Pentest. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 24. | Maksim Evgenevich VORONIN | Максим Евгеньевич ВОРОНИН<br>Ar a dtugtar freisin: 'Daugn0'<br>Náisiúntacht: Rúiseach a mhaítear<br>Inscne: fireann | Tá Maksim Voronin, ar a dtugtar freisin Daugn0, páirteach i bhforbairt, dáileadh agus díol na faisnéise lena ngoidtear bogearraí mailíseacha LummaC2 (ar a dtugtar freisin Lumma Infostealer, Lumma Stealer).<br>Is ardán 'Malware-as-a-Service' (MaaS) é LummaC2, a úsáidtear chun sonraí íogaire a ghoid, (faisnéis aitheantais bhrabhsálaí, criptea-thiachóga, nó faisnéis chórais), chun bogearraí mailíseacha breise a úsáid ar ghairis ionfhabhtaithe, le haghaidh goid criptea-airgeadra agus le haghaidh feachtais spiaireachta.<br>Úsáideann gníomhaithe cibearbhagartha a bhfuil údar airgeadais leo, amhail Storm-113, Storm-1607, Storm-1674, Octo Tempest agus eile, cibirionsaithe ina n-úsáidtear bogearraí mailíseacha LummaC2 freisin. Baineadh úsáid as bogearraí mailíseacha LummaC2 le haghaidh cibirionsaithe i gcoinne feidhmeanna agus seirbhísí criticiúla stáit atá riachtanach chun gníomhaíochtaí bunriachtanacha sóisialta agus eacnamaíocha na mBallstát a coimeád ar bun. In 2024 agus 2025, bhí LummaC2 ar cheann de na huirlisí is mó a úsáideadh chun faisnéis a ghoid ar fud an domhain.<br>Dá bhrí sin, tá baint ag Maksim Voronin mar fhorbróir, dáileoir agus díoltóir LummaC2 le cibirionsaithe a dhéanann mórdhíobháil agus atá ina mbagairt sheachtrach ar na Ballstáit agus éascaíonn sé na cibirionsaithe sin. | + |

PUBLIC

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 25. | Maksim Aleksandrovich GORDIENKO<br>ar a dtugtar freisin: Maxim Alexandrovich GORDIENKO | Максим Александрович ГОРДИЕНКО<br>Ar a dtugtar freisin: 'Lummaseller'<br>Náisiúntacht: Rúiseach a mhaítear<br>Inscne: fireann | Tá Maksim Gordienko, ar a dtugtar freisin Lummaseller, páirteach i bhforbairt agus dáileadh na faisnéise na mbogearraí mailíseacha goidte faisnéise LummaC2 (ar a dtugtar freisin Lumma Infostealer, Lumma Stealer).<br>Is ardán 'Malware-as-a-Service' (MaaS) é LummaC2, a úsáidtear chun sonraí íogaire a ghoid, (faisnéis aitheantais bhrabhsálaí, criptea-thiachóga, nó faisnéis chórais), chun bogearraí mailíseacha breise a úsáid ar ghairis ionfhabhtaithe, le haghaidh goid criptea-airgeadra agus le haghaidh feachtais spiaireachta. Úsáideann gníomhaithe cibearbhagartha a bhfuil údar airgeadais leo, amhail Storm-113, Storm-1607, Storm-1674, Octo Tempest agus eile, cibirionsaithe ina n-úsáidtear bogearraí mailíseacha LummaC2 freisin. Baineadh úsáid as bogearraí mailíseacha LummaC2 le haghaidh cibirionsaithe i gcoinne feidhmeanna agus seirbhísí criticiúla stáit atá riachtanach chun gníomhaíochtaí bunriachtanacha sóisialta agus eacnamaíocha na mBallstát a coimeád ar bun. In 2024 agus 2025, bhí LummaC2 ar cheann de na huirlisí is mó a úsáideadh chun faisnéis a ghoid ar fud an domhain.<br>Dá bhrí sin, tá baint ag Maksim Gordienko mar fhorbróir, dáileoir agus díoltóir LummaC2 le cibirionsaithe a dhéanann mórdhíobháil agus atá ina mbagairt sheachtrach ar na Ballstáit agus éascaíonn sé na cibirionsaithe sin. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 26. | Evgeniy Viktorovich BASHEV | Евгений Викторович БАШЕВ<br>Dáta breithe: 25.1.1980<br>Áit bhreithe: Aontas na bPoblachtaí Sóivéadacha Sóisialacha<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Daoine aonair comhlachaithe: Denis Igorevich Denisenko,<br>Yuriy Fedorovich Denisov,<br>Dmitriy Yuryevich Goloshubov,<br>Nikolay Alexandrovich Korchagin<br>Eintitis chomhlachaithe: GRU Unit 29155,<br>'Impuls' LLC | Tá Evgeniy Bashev ina chomhalta de Ghníomhaireacht Faisnéise Míleata na Rúise GRU, Unit 29155. Laistigh den aonad, tacaíonn sé le cibirionsaithe a dhéanann mórdhíobháil do na Ballstáit agus éascaíonn sé iad, *inter alia* tríd an bhfreastalaí 'Aegon', a úsáidtear le haghaidh oibríochtaí haiceála, a rialú. Go háirithe, cuireann sé tacaíocht theicniúil agus ábharach ar fáil do chibirionsaithe GRU Unit 29155 trína chuideachta 'Impuls' LLC, a d'éascaigh cumhdach oibríochtúil, bonneagar agus íocaíochtaí, agus sócmhainní teicniúla bainistithe, lena n-áirítear freastalaithe, a úsáidtear le haghaidh na gcibirionsaithe. Chomh maith leis sin, chomhordaigh sé an comhar idir struchtúir GRU agus líonraí haiceálaithe seachtracha. Leis na cibirionsaithe a d'éascaigh sé, díríodh ar chórais agus seirbhísí feidhmeanna criticiúla stáit atá riachtanach chun gníomhaíochtaí bunriachtanacha sóisialta nó eacnamaíocha a choinneáil ar bun sna Ballstáit, go háirithe san earnáil iompair. Tríd an bhfeachtas WhisperGate, dhírigh Unit 29155 GRU ar bhonneagar criticiúil na hÚcráine freisin. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Dá bhrí sin, tugann Evgeniy Bashev tacaíocht theicniúil agus ábharach do chibirionsaithe agus d'iarrachtaí ar chibirionsaithe a dhéanann mórdhíobháil agus ar bagairt sheachtrach iad ar na Ballstáit, agus do chibirionsaithe a dhéanann mórdhíobháil do thríú tír, nó tá baint aige leo ar bhealach eile.<br>Mar úinéir agus Ard-Stiúrthóir, tá baint aige leis an gcuideachta 'Impuls' LLC.<br>Mar Chomhalta de Unit GRU 29155, tá baint aige freisin leis an eintiteas sin. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 27. | Roman Alexandrovich PUNTUS | Роман Александрович<br>ПУНТУС<br>Áit bhreithe: Cónaidhm na Rúise<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Daoine aonair comhlachaithe: Denis Igorevich Denisenko, Yuriy Fedorovich Denisov, Dmitriy Yuryevich Goloshubov, Nikolay Alexandrovich Korchagin, Evgeniy Viktorovich Bashev<br>Eintitis chomhlachaithe: GRU Unit 29155 | Tá Evgeniy Bashev ina chomhalta de Ghníomhaireacht Faisnéise Míleata na Rúise GRU, Unit 29155. Laistigh den aonad, tá ról ceannasach aige maidir le cibirionsaithe a eagrú agus a chomhordú, ar cibirionsaithe iad a bhfuil tionchar suntasach acu ar na Ballstáit. Tacaíonn sé freisin le cibearchumas inmheánach an aonaid a fhorbairt, lena n-áirítear pearsanra amhail haiceálaithe agus ríomhchláraitheoirí a earcú agus maoirseacht a dhéanamh orthu. Tríd an gcuideachta chaoch 'Aegeon-Impulse' a bhunú, d'éascaigh sé gnéithe lóistíochta agus airgeadais de chibearoibríochtaí. Faoina chomhordú siúd rinne an t-aonad cibirionsaithe a bhí dírithe ar chórais agus seirbhísí feidhmeanna criticiúla stáit atá riachtanach chun gníomhaíochtaí bunriachtanacha sóisialta nó eacnamaíocha a choinneáil ar bun sna Ballstáit, go háirithe san earnáil iompair. Tríd an bhfeachtas WhisperGate, dhírigh Unit 29155 GRU ar bhonneagar criticiúil na hÚcráine freisin. | [+]'; |

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Dá bhrí sin, tá Roman Puntus freagrach as cibirionsaithe agus iarrachtaí ar chibirionsaithe, nó bhí sé rannpháirteach iontu, a dhéanann mórdhíobháil agus ar bagairt sheachtrach iad ar na Ballstáit, agus cibirionsaithe a dhéanann mórdhíobháil do thríú tír.<br>Mar Chomhalta de Unit GRU 29155, tá baint aige freisin leis an eintiteas sin. | |

PUBLIC

(2) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach faoin gceannteideal 'B. Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí':

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '8. | Media Land LLC | Seoladh: Tsvetnochnaya st., 16 Litera P, Room 27, Moskovskaya Zastava Municipal District<br>St Petersburg, 196006, Cónaidhm na Rúise<br>Cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta<br>Láthair an chláraithe: St Petersburg<br>Dáta clárúcháin: 19.10.2015<br>Uimhir Chlárúcháin: 1152536009900<br>Príomhionad gnó: St Petersburg, Cónaidhm na Rúise<br>Eintiteas comhlachaithe: ML.Cloud | Ó 2016 i leith, tá an tseirbhís óstála philéardhíonach Media Land LLC ag éascú réimse leathan ionsaithe bogearraí mailíseacha i gcoinne na mBallstát agus ar fud an domhain araon, trí sheirbhísí óstála a thairiscint lena ndéantar céannacht úsáideoirí a cheilt agus lena gcuirtear in aghaidh aon bhaint anuas a dhéanann lucht forfheidhmithe an dlí, rud as a n-eascraíonn caillteanais airgeadais shuntasacha. Chumasaigh Media Land LLC oibríochtaí mórscála bogearraí éirice, seirbhísí ceannais agus rialaithe, agus oibríochtaí fioscaireachta a dhíríonn ar bhonneagar criticiúil agus ar sheirbhísí bunriachtanacha i measc na mBallstát. Áirítear ar na hoibríochtaí a éascaíonn Media Land LLC, *inter alia*, LockBit, EvilCorp agus BlackBasta.<br>Dá bhrí sin, tá Media Land LLC páirteach i gcibirionsaithe a bhfuil éifeacht shuntasach acu agus ar bagairt sheachtrach iad ar na Ballstáit. | + |

\+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 9. | ML.Cloud | Seoladh: Brivibas iela 52, Riga, LV-1011, Latvija; Kazan, Cónaidhm na Rúise Peterburgskaya st. 52<br>Láthair an chláraithe: Ríge<br>Duine aonair comhlachaithe: Alexander Volosovik<br>Eintitis chomhlachaithe eile: Media Land LLC | Is é ML.Cloud comhchuideachta Media Land LLC, agus soláthraíonn sé an bonneagar teicniúil do Media Land LLC.<br>Ó 2016 i leith, tá an tseirbhís óstála philéardhíonach Media Land LLC ag éascú réimse leathan ionsaithe bogearraí mailíseacha i gcoinne na mBallstát agus ar fud an domhain araon, trí sheirbhísí óstála a thairiscint lena ndéantar céannacht úsáideoirí a cheilt agus lena gcuirtear in aghaidh aon bhaint anuas a dhéanann lucht forfheidhmithe an dlí, rud as a n-eascraíonn caillteanais airgeadais shuntasacha. Chumasaigh Media Land LLC oibríochtaí mórscála bogearraí éirice, seirbhísí ceannais agus rialaithe, agus oibríochtaí fioscaireachta a dhíríonn ar bhonneagar criticiúil agus ar sheirbhísí bunriachtanacha i measc na mBallstát. Áirítear ar na hoibríochtaí a éascaíonn Media Land LLC, *inter alia*, LockBit, EvilCorp agus BlackBasta.<br>Dá bhrí sin, tá Media Land LLC páirteach i gcibirionsaithe ar bagairt sheachtrach iad ar Bhallstáit an Aontais agus a bhfuil éifeacht shuntasach acu orthu.<br>Dá bhrí sin, tugann Media Land Cloud tacaíocht theicniúil do chibirionsaithe a bhfuil éifeacht shuntasach acu agus ar bagairt sheachtrach iad ar na Ballstáit. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 10. | 'Impuls' LLC | Общество с ограниченной ответственностью «Импульс»<br>Seoladh: 344015, Cónaidhm na Rúise, Rostov Region, Rostov-on-Don, ul. Eremenko, d. 56, k. 6, apt. 88<br>Cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta<br>Láthair an chláraithe: Interdistrict Inspectorate of the Federal Tax Service No. 26 for the Rostov Region, 344019, Rostov-on-Don, ul. Myasnikova, d. 52/32, Cónaidhm na Rúise<br>Dáta clárúcháin: 27.9.2010 | Is cuideachta Rúiseach é 'Impuls' LLC atá faoi úinéireacht Evgeniy Viktorovich Bashev, comhalta de Ghníomhaireacht Faisnéise Míleata na Rúise GRU, Unit 29155. Cuireann an chuideachta tacaíocht theicniúil agus ábhartha ar fáil do chibirionsaithe agus d'iarrachtaí ar chibirionsaithe a dhéanann GRU Unit 29155. Go háirithe, feidhmíonn 'Impuls'LLC mar idirghabhálaí oibríochtúil lenar féidir gníomhaíochtaí a bhaineann le haiceáil a dhéanamh trí chuideachta nach bhfuil nasctha go foirmiúil le Stát na Rúise. D'éascaigh sé cumhdach oibríochtúil, bonneagar agus íocaíochtaí do chibirionsaithe, agus bhí sé nasctha le sócmhainní teicniúla, lena n-áirítear freastalaithe a úsáidtear chun tacú le gníomhaíochtaí haiceála. Go háirithe, chumasaigh 'Impuls' LLC comhar idir struchtúir GRU agus líonraí haiceálaithe seachtracha. Díríonn na cibearoibríochtaí arna n-éascú ag 'Impuls'LLC ar fheidhmeanna agus seirbhísí criticiúla stáit is gá chun gníomhaíochtaí riachtanacha sóisialta agus eacnamaíocha a choimeád ar bun i mBallstáit, go háirithe san earnáil iompair. Tríd an bhfeachtas WhisperGate, dhírigh Unit 29155 GRU ar bhonneagar criticiúil na hÚcráine freisin. | + |

PUBLIC

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | Uimhir Chlárúcháin: INN (ИНН): 6168033776; OGRN (ОГРН): 1106194004850<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise<br>Daoine aonair comhlachaithe: Evgeniy Bashev<br>Eintitis chomhlachaithe: GRU Unit 29155 | Dá bhrí sin, tugann 'Impuls' LLC tacaíocht theicniúil agus ábharach do chibirionsaithe a dhéanann mórdhíobháil agus ar bagairt sheachtrach iad ar na Ballstáit, agus do chibirionsaithe a dhéanann mórdhíobháil do thríú tír. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 11. | Z-Pentest | Ar a dtugtar freisin: 'Z-Pentest Alliance', 'Z-Alliance'<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise<br>Daoine aonair comhlachaithe: Yuliya Pankratova<br>Eintitis chomhlachaithe: Cyber Army of Russia/CARR<br>Cuntas X.com: ZPentest (Cuntas curtha ar fionraí)<br>Cuntas Telegram: Zpentestalliance | Is grúpa haiceálaithe cúise ar son na Rúise é Z-pentest, atá comhdhéanta de chomhaltaí ó CARR (Cyber Army of Russia Reborn) agus ó NoName057, a dhíríonn ar fud an domhain ar bhonneagar criticiúil, go háirithe an earnáil fuinnimh agus uisce.<br>Go háirithe, d'ionsaigh an grúpa fóntas uisce de chuid na Danmhairge i mí na Nollag 2024.<br>Dá bhrí sin, tá Z-Pentest páirteach i gcibirionsaithe a dhéanann mórdhíobháil ar bagairt sheachtrach ar Bhallstát iad agus tá sé freagrach astu. | [+]'. |

PUBLIC

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.